



Cill Mhantáin a Chumhachtú

Tionscadal Treisithe Chill
Mhantáin Thuaidh

Comhairliúchán Poiblí



Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa a chinntiú, agus as an leictreachas a ghintear ar tír agus amach ón gcósta a nascadh le tithe, le gnólachtaí agus le pobail ar fud na hÉireann. Agus muid ag pleanáil agus ag tógáil na heangaí don todhchaí, táimid ag éascú an aistrithe chuig fuinneamh glan agus ag tacú le fás sóisialta agus geilleagrach na hÉireann.

Cad atá i gceist le Cill Mhantáin a Chumhachtú?

Is clár oibre ríthábhachtach é 'Cill Mhantáin a Chumhachtú' lena neartófar príomhbhonneagar leictreachais i gCill Mhantáin.

Tá an bonneagar leictreachais atá i gCill Mhantáin i mbaol teorainn a thoillte a bhaint amach.

Tá an méadú ar an éileamh á spreagadh ag roinnt earnálacha, lena n-áirítear:

- comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite;
- forbairt tráchtála agus thionsclaíoch;
- tithíocht chónaithe; agus
- leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompar (feithiclí leictreacha agus iompar poiblí); agus comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Chun an t-éileamh seo a shásamh, beidh gá le bonneagar nua leictreachais chun go mbeidh an eangach in ann leictreachas a sheoladh chuig an áit a bhfuil gá leis.

Cad atá i gceist le Tionscadal Treisithe Chill Mhantáin Thuaidh?

Éilíonn an clár oibre sin fostáisiún 220/110 kV nua agus fostáisiún 110/38 kV/MV i limistéar na gCloch Liath/Dheilgne/Chill Pheadair. Le Tionscadal Treisithe Chill Mhantáin Thuaidh, déanfar an eangach leictreachais i gCill Mhantáin Thuaidh a threisiú, lena gcinnteofar go mbeidh toilleadh leordhóthanach ar fáil don mhéadú a thiocfaidh ar an éileamh amach anseo.

Sainaitníodh an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíocht trí mheasúnú ilchritéar:

- Fostáisiún Lascthreamh Gásinslithe (FLG) 110/38 kV/MV nua i gCrios 1.
- Fostáisiún Lascthreamh Gásinslithe (FLG) 220/110 kV nua i gCrios A nó i gCrios B.
- Cábla faoi thalamh a nascann na fostáisiúin nua lena chéile agus leis an eangach.



Cad is fostáisiún ann?

Is cuid ríthábhachtach de bhonneagar eangaí cumhachta é fostáisiún leictreachais. Tógann sé leictreachas ardvoltas ó stáisiún cumhachta agus déanann sé an leictreachas sin a laghdú go voltas níos sábháilte, níos ísle. Leis sin, is féidir an chumhacht a tharchur chuig tithe agus chuig gnólachtaí. Cuidíonn fostáisiún leis an sreabhadh leictreachais a rialú, lena gcinntítear soláthar slán agus seasta.



Buntáistí an Tionscadail



Slándáil agus iontaofacht an tsoláthair

Trí eangach leictreachais níos athléimní agus níos iontaofa a thógáil, cuidítear lena chinntiú go mbeidh cumhacht ag gach duine nuair a bheidh sí de dhíth orthu agus san áit a bheidh sí de dhíth orthu. Leis an uasghrádú sin, beifear in ann neamhspleáchas a bhaint amach freisin trí leas a bhaint as foinsí fuinnimh níos glaise.



Freastal ar riachtanais amach anseo

Cuideoidh na feabhsuithe sin freisin le freastal ar riachtanais leictreachais Chill Mhantáin atá ag dul i méid agus ag athrú. Áirítear leis sin leictirí córas iompair, feithiclí agus téimh agus na riachtanais a bhaineann le húsáideoirí móra fuinnimh agus forbairt tithíochta agus gnólachtaí.



Inbhuanaitheacht

Tríd an gclár 'Cill Mhantáin a Chumhachtú', cuirfear ar chumas an chontae leictreachas a ghintear ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a úsáid agus a tharchur. Is céim rithábhachtach é seo chun cabhrú le hÉirinn aistriú chuig todhchaí leictreachais ísealcharbóin agus inacmhainne.



Geilleagrach

Cuideoidh na huasghráduithe criticiúla sin le geilleagar Chill Mhantáin a neartú, rud a spreagfaidh infheistíocht amach anseo agus a thacóidh léi.



Pobal

Tacóidh ár mbeartas sochair pobail go díreach le pobail áitiúla i gCill Mhantáin sna ceantair ina bhfuil bonneagar an tionscadail á óstáil.



Áitiúil

Cuidiú le freastal ar riachtanais mhéadaitheacha iompair, agus leictirí tithíochta an phobail áitiúil.


Cad atá ag tarlú anois?

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar leictreachas sna Clocha Liatha, tá riachtanas ann go mbeadh an fostaísiún 110/38 kV/MV gar don sráidbhaile. Sainaithníodh crios amháin laistigh den limistéar staidéir mar chrios atá iomchuí don fhostáisiún sin.

Tugadh roinnt criosanna trí Mheasúnú Ilchritéar (MCA), chun sainaithint a dhéanamh ar chriosanna a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun an fostaísiún nua 220/110 kV atá beartaithe a thógáil. Tar éis an MCA, tá dhá chrios sainaitheanta ag EirGrid mar shuíomhanna féideartha le haghaidh fostaísiún 220/110 kV sa cheantar. Tá ceanglas ann fostaísiún 220 kV a lonnú gar don chiorcad 220 kV atá ann cheana, siar ón M11.


Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin gcaoi ar roghnaíodh na criosanna sin i dtuarascáil Chéim 3 atá ar fáil lena hamharc agus lena híoslódáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail [EirGrid.ie/Wicklow](https://eirgrid.ie/Wicklow).





Eochair Eolais

-  Nasc Ciorcaid Is Gá
-  Suíomh féideartha le haghaidh Fostáisiún 110 kV (Crios 1)
-  Suíomh féideartha le haghaidh Fostáisiún 220 kV (Crios A & B)
-  Bóthar Náisiúnta
-  Líne 220 kV atá ann cheana Carraig Mhaighin – An tInbhear Mór – An Baile Beag
-  Fostáisiún atá ann cheana
-  Suíomh an Imeachta Eolais





Nocht do Thuairim

Tá comhairliúchán poiblí á reáchtáil ag EirGrid anois, ag lorg aiseolais maidir leis na gnéithe seo a leanas de Thionscadal Treisithe Chill Mhantáin Thuaidh.

- Barúlacha maidir leis na criosanna atá beartaithe le tógáil:
 1. Fostáisiún FLG 110/38 kV/MV nua
 2. Fostáisiún 220/110 kV nua
- Barúlacha ar bhealach cábla féideartha chun an dá fhostáisiún a nascadh le chéile.

Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ó Dé Máirt an 20 Deireadh Fómhair go dtí Dé hAoine an 11 Nollaig 2026.

Tá sonraí uile an tionscadail, lena n-áirítear bróisiúr an tionscadail agus tuarascálacha mionsonraithe, ar fáil le hamharc orthu agus lena n-íoslódáil ar ár suíomh gréasáin ag EirGrid.ie/Wicklow.

Is mian linn do chuid tuairimí a chloisteáil. Cuirfear d'aiseolas san áireamh, déanfar athbhreithniú air agus cuirfear san áireamh é le linn an phróisis deartha. Is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus aiseolas a thabhairt ar go leor bealaí:

- Ar líne ag Consult.EirGrid.ie
- Tríd an bpost chuig:
Tionscadal Treisithe Eangaí Chill Mhantáin Thuaidh. - Baile Átha Cliath, EirGrid CPT,
An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4, D04 FW28

Imeachtaí Eolais

I gcaitheamh an chomhairliúcháin, beidh sraith d'imeachtaí eolais buail isteach á reáchtáil againn don phobal. Tabhair cuairt ar cheann dár n-imeachtaí ag na háiteanna seo a leanas chun tuilleadh eolais a fháil agus chun bualadh leis an bhfoireann.

Suíomh	Dáta	Am
The Grid, Acra na mBodach Na Clocha Liatha, A63 T9K1	an 10 Samhain	12 - 3i.n
Ionad Pobail Chill Chomhghaill, Lána Lott, Cill Chomhghaill, A63 X862	an 12 Samhain	1 - 5i.n
Leabharlann na gCloch Liath, Bóthar an Mhuilinn, Na Clocha Liatha, A63 KN52	an 26 Samhain	4 - 8i.n.

Tuilleadh Eolais

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil le:



Liz Dillon

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@EirGrid.com
087 188 7982



Scan anseo chun amharc ar Thairseach Comhairliúcháin an Tionscadail Treisithe

Consult.EirGrid.ie/en/consultation/north-wicklow-reinforcement-consultation-2026